



An Bhruiséal, 8 Iúil 2022
(OR. en)

10875/22

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0157(NLE)**

**ENFOPOL 383
CT 131
RELEX 929
JAI 984
NZ 9**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 9090/22 + ADD 1
gCoim.:

Ábhar: Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac

– Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa

1. An 13 Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac¹ agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe réamhráite sin².
2. Is é is aidhm don Chomhaontú aistriú sonraí pearsanta idir Europol agus údaráis inniúla na Nua-Shéalainne a cheadú, chun gníomhaíocht údaráis Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus údaráis na Nua-Shéalainne a thacú agus a neartú, agus mar an gcéanna i gcás a gcomhair fhrithpháirtigh chun cionta coiriúla, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht, a chosc agus a chomhrac, agus coimircí iomchuí á n-áirithiú ag an am céanna maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear príobháideachas agus cosaint sonraí.

¹ 9089/22 + ADD 1.

² 9090/22 + ADD 1.

3. An 27 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle an cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus an Nua-Shéalainn, den pháirt eile, maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis na Nua-Shéalainne atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac³. Shínigh na Páirtithe an Comhaontú an 30 Meitheamh sa Bhruiséil.
4. I gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa sula nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe⁴. D'fhorhuinigh Comhairleoirí CGB an cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta a chuaigh in éag Déardaoin an 7 Iúil 2022, 15:00, gan aon bharúlacha ó na toscaireachtaí.
5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go gcinnfidh an Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 10092/22 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

³ IO L 176/3

⁴ 10092/22.